Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Nollaig 2025**
**(OR. en)**

**15851/25**

**CONOP 79**
**COARM 199**
**CFSP/PESC 1708**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 15 Nollaig 2025 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Comhdháil Athbhreithnithe 2026 de chuid na bPáirtithe sa Chonradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an 11ú Comhdháil Athbhreithnithe de chuid na bPáirtithe sa Chonradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach, mar a d'fhormheas an Chomhairle (Gnóthaí Eachtracha) iad ag an 4145ú cruinniú a bhí aici an 15 Nollaig 2025.

<u>**IARSCRÍBHINN**</u>

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE DO CHOMHDHÁIL ATHBHREITHNITHE 2026 DE CHUID NA bPÁIRTITHE SA CHONRADH MAIDIR LE NEAMHLEATHADH ARM NÚICLÉACH (an Conradh)**

1. Mar chuid dá tiomantas daingean don iltaobhachas éifeachtach agus don ord idirnáisiúnta riailbhunaithe, athdhearbhaíonn an Chomhairle a tacaíocht bhuanseasmhach chun ollstruchtúr na dí-armála núicléiche, an neamhleata agus an rialaithe arm a chosaint agus a neartú. Leanfaidh an tAontas Eorpach (an tAontas) de bheith ag obair i dtreo **Chomhdháil rathúil Athbhreithnithe 2026 um an gConradh**, mar a rinne sé le linn an timthrialla sin.

2. Athdhearbhaíonn an Chomhairle **go dtacaíonn sí go hiomlán leis an gConradh** mar bhunchloch an chórais dhomhanda maidir le neamhleathadh arm núicléach, arb é an bunús bunriachtanach é chun dí-armáil núicléach a shaothrú de réir Airteagal VI, agus ar gné thábhachtach é ó thaobh feidhmeanna fuinnimh núicléach a fhorbairt chun críoch síochánta de réir Airteagal IV den Chonradh sin. Is den ríthábhacht é chun an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta a choinneáil ar bun.

3. Aithníonn an Chomhairle **an luach a bhaineann leis an gConradh agus an méid mór a baineadh amach leis thar na blianta.** Le breis agus caoga bliain anuas, tá tairbhí slándála á gcur ar fáil aige do na Stáit uile is Páirtithe. Tá oibleagáid sa Chonradh atá ceangailteach ó thaobh dlí, i dtreo dí-armáil núicléach agus cumasaíodh leis laghdú suntasach ar na stoc-chairn mhóra arm núicléach a bhí ann sa Chogadh Fuar, réitíodh an bealach do Stáit áirithe airm núicléacha a thréigean, agus rinneadh an leathadh núicléach a shrianadh. Tá an Conradh mar bhonn do chóras coimircí núicléacha na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach (IAEA). Bhí ról lárnach aige i bhforbairt, taighde, táirgeadh agus úsáid fuinnimh núicléach chun críoch síochánta, rud a d’éascaigh comhar idirnáisiúnta sa réimse sin.

4. Tá **dúshláin shuntasacha** roimh an gConradh, lena n-áirítear teannas atá ag dul i méid agus reitric núicléach atá ag teacht chun cinn arís, mar a chonacthas le gníomhaíochtaí na Rúise i gcogadh foghach na tíre, atá go hiomlán gan údar agus neamhdhleathach, ar an Úcráin, agus tús áite á thabhairt ag Moscó dá iarracht chogaidh seachas dá oibleagáidí agus gealltanais i ndáil le neamhleathadh agus dí-armáil. Leis na géarchéimeanna leanúnacha réigiúnacha maidir le leathadh, leathnú tapa doiléir na Síne ar a harmlann núicléach, agus cur chun feidhme míchothrom oibleagáidí agus gealltanas, cuirtear leis an staid chasta sin freisin.

5. Tugann an Chomhairle dá haire **na hiarmhairtí fíor-thromchúiseacha a bhaineann le húsáid arm núicléach** agus cuireann sí in iúl go láidir go bhfuil an fhreagracht á roinnt ag na Stáit ar fad chun tarlú mar sin ann a chosc. I ndáil leis an méid sin, meabhraítear di an Ráiteas Comhpháirteach ó Cheannairí na gCúig Stát Núicléacha maidir leis an gCogadh Núicléach a Chosc agus Rásaí Arm a Sheachaint, lena n-áirítear an prionsabal '**nach féidir cogadh núicléach a bhuachan agus nár cheart é a throid choíche**', a bhfuil gealltanas tugtha ag ballraíocht níos leithne na Náisiún Aontaithe (NA) ina leith tríd an gComhshocrú don Todhchaí.

6. Athdhearbhaíonn an Chomhairle an tábhacht a bhaineann le h**uiliú an Chonartha** agus iarrann sí ar na Ballstáit nach ndearna sin fós, go háirithe an India, Iosrael agus an Phacastáin, dul isteach sa Chonradh mar Stáit nach bhfuil airm núicléacha acu agus, go dtí go mbeidh siad aontaithe don Chonradh, cloí leis na téarmaí ann.

7. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a tacaíocht **do thrí cholún uile an Chonartha a threisíonn a chéile** agus do **chur chun feidhme** cuimsitheach, cothrom agus iomlán **Phlean Gníomhaíochta Chomhdháil Athbhreithnithe 2010 um an gConradh.** Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir an géarghá atá leis **na hoibleagáidí uile faoin gConradh** a chur chun feidhme, mar aon leis na gealltanais a tugadh le linn Comhdhálacha Athbhreithnithe roimhe seo, lena n-áirítear an gá atá le dul chun cinn nithiúil a dhéanamh chun Airteagal VI a chur chun feidhme go hiomlán, agus é mar sprioc dheiridh againn deireadh a chur le hairm núicléacha.

8. Admhaíonn an Chomhairle an dul chun cinn a rinneadh sa timthriall seo chun bearta a shainaithint chun **próiseas an athbhreithnithe ar an gConradh a neartú**. Tá páirt chuiditheach glactha ag an Aontas[1] agus oibreoidh sé go gníomhach i dtreo cinneadh ina leith sin ag an gComhdháil Athbhreithnithe, mar sprioc lárnach ar féidir a bhaint amach. I ndáil leis an méid sin, is é is aidhm do *Chinneadh (CBES) 2025/646 ón gComhairle an 27 Márta 2025 lena dtacaítear le toradh rathúil ar Chomhdháil Athbhreithnithe 2026 na bPáirtithe sa Chonradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach a éascú* feabhas a chur ar an gcuimsitheacht sa timthriall.

9. Tá an Chomhairle tiomanta don **trédhearcacht agus don chuntasacht a fheabhsú**. Tacaíonn an tAontas le próiseas a bhunú laistigh den timthriall chun athbhreithniú a dhéanamh ar na hoibleagáidí agus na gealltanais atá sa Chonradh a bheith á gcur chun feidhme ag na Stáit is Páirtithe, go háirithe ag na Stáit uile a bhfuil airm núicléacha acu, ar fud na dtrí cholún, go háirithe maidir le hoibleagáidí Airteagal VI. Tá sé i bhfabhar freisin tuilleadh feabhsuithe cáilíochtúla a dhéanamh ar thuairisciú, tuilleadh forbartha a mholadh ar thograí a bhí ann roimhe seo, lena n-áirítear teimpléid chaighdeánaithe, agus an tsamhail a d'fhorbair na Stáit a bhfuil airm núicléacha acu in 2013 agus na dea-chleachtais a forbraíodh ó shin á gcur san áireamh, agus aithníonn sé go bhféadfaí méadú ar aighneachtaí a spreagadh trí theimpléad caighdeánaithe a fhorbairt do thuarascálacha náisiúnta ó Stáit nach bhfuil airm núicléacha acu.[2]

---

[1] *A stronger review process for a stronger NPT – European Union proposals for the Working Group on strengthening the NPT review process and ahead of the First Preparatory Committee of the 11th NPT Review Conference* [Próiseas athbhreithnithe níos láidre le haghaidh Conradh níos láidre - tograí ón Aontas Eorpach don Mheitheal maidir le próiseas an athbhreithnithe ar an gConradh a neartú agus in oirchill an Chéad Choiste Ullmhúcháin den 11ú Comhdháil Athbhreithnithe um an gConradh], páipéar oibre a thíolaic an tAontas in oirchill chruinniú na meithle maidir leis an bpróiseas athbhreithnithe a neartú a thuilleadh (Vín, an 24-28 Iúil 2023).

[2] Is é an rannchuidiú is déanaí ón Aontas i ndáil leis sin A path towards enhanced transparency and accountability within the NPT review process [Bealach i dtreo trédhearcacht agus cuntasacht fheabhsaithe laistigh de phróiseas an athbhreithnithe ar an gConradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicleach], páipéar oibre a thíolaic an tAontas roimh an tríú seisiún de Choiste Ullmhúcháin Chomhdháil Athbhreithnithe 2026 na bPáirtithe sa Chonradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach (Nua-Eabhrac, an 28 Aibreán-9 Bealtaine 2025).

10. Molann an Chomhairle do na Stáit is Páirtithe sa Chonradh oibriú i dtreo rannpháirtíocht iomlán, chomhionann agus fhóinteach na mban sa dí-armáil núicléach agus sa neamhleathadh núicléach. Cuireann sí i dtreis freisin **an comhionannas inscne agus cumhachtú na mban agus na gcailíní** mar thosaíocht thrasearnálach thábhachtach don Aontas, agus a thábhachtaí atá sé gné na hinscne a chomhtháthú sa phlé ar fud na gcolún uile. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a tiomantas don chlár oibre maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil, lena n-áirítear trí thacú le rannpháirtíocht agus ceannaireacht chomhionann na mban agus na bhfear i neamhleathadh, dí-armáil agus rialú arm agus tríd an rannpháirtíocht agus an cheannaireacht sin a chur chun cinn. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go dtacaíonn sí le **hoideachas maidir le dí-armáil agus neamhleathadh**, lena rannchuidíonn Cuibhreannas an Aontais maidir le Neamhleathadh agus Dí-armáil trína ghníomhaíochtaí, agus go dtacaíonn sí le rannpháirtíocht daoine óga i ndí-armáil núicléach agus neamhleathadh núicléach.

## <u>COLÚN I — DÍ-ARMÁIL</u>

11. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil sé lántiomanta i gcónaí **go ndéanfar dul chun cinn sa dí-armáil núicléach**, i gcomhréir le hAirteagal VI den Chonradh, go háirithe tríd an laghdú foriomlán ar stoc-charn domhanda na n-arm núicléach, agus aird á tabhairt ar an **bhfreagracht speisialta atá ar na Stáit arm núicléach** a bhfuil na harmlanna núicléacha is mó acu.

12. Ag meabhrú di na hoibleagáidí atá ar na Stáit uile a bhfuil airm núicléacha acu a eascraíonn as Airteagal VI den Chonradh, athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil sí tiomanta d'**armlanna núicléacha a laghdú a thuilleadh** agus, agus béim á leagan aici ar an bhfreagracht speisialta atá ar na Stáit a bhfuil na harmlanna núicléacha is mó acu, molann sí go láidir go bhféachfaí le tuilleadh laghduithe a dhéanamh ar a n-armlanna núicléacha, lena n-áirítear airm núicléacha straitéiseacha agus neamhstraitéiseacha, chomh maith le hairm núicléacha imscartha agus neamh-imscartha. Is díol sásaimh don Chomhairle na tairiscintí idirphlé a rinne na Stáit Aontaithe arís agus arís eile i ndáil leis sin, tathantaíonn sí ar an **Rúis** páirt fhóinteach a ghlacadh, agus iarrann sí ar **an tSín** rannchuidiú agus páirt ghníomhach chuiditheach a ghlacadh. Cáineann an Chomhairle gur chuir an Rúis, de réir mar a thuairiscítear, fionraí ar an g**Conradh START Nua**, tathantaíonn sí ar an Rúis filleadh láithreach ar chomhlíonadh agus a hoibleagáidí uile a chomhlíonadh, agus iarrann sí go ndéanfaí obair phráinneach i dtreo **comhaontú comharba**. Má théann an Conradh START Nua in éag sular féidir an comhaontú comharba sin a thabhairt i gcrích, molann an tAontas do na Stáit Aontaithe agus don Rúis na teorainneacha comhaontaithe ar a n-armlanna núicléacha a choinneáil ar bun.

13. Cáineann an Chomhairle a láidre is féidir **gníomhaíochtaí na Rúise, a reitric núicléach agus a bagairtí fórsa núicléach a úsáid** sa chogadh foghach atá ar bun aici i gcoinne na hÚcráine, iompar atá mífhreagrach, gríosaitheach, contúirteach agus géaraitheach. Maidir leis an nuashonrú is déanaí ar dhúnghaois núicléach na Rúise, arb é is aidhm dó brú a chur ionas nach dtabharfaí tuilleadh tacaíochta don Úcráin agus an tacaíocht sin a dhíspreagadh, ní áirítear léi a thuilleadh 'comhlíonadh na n-oibleagáidí idirnáisiúnta maidir le rialú arm' i measc phrionsabail bheartas díspreagtha na Rúise. Is cúis mhór imní don Chomhairle gur fhógair an Rúis **airm núicléacha a bheith á n-imscaradh ar chríoch na Bealarúise.** Meabhraítear di gealltanas na Bealarúise faoi Mheabhrán Bhúdaipeist 'gach arm núicléach a dhíothú ó[na] críoch' agus iarrann sí ar an dá thír gan an t-imscaradh a dhéanamh. Tá an Chomhairle go neamhbhalbh i gcoinne forbairt agus úsáid arm núicléach agus aon chineál eile arm ollscriosta sa **chianspás**. Bheadh imscaradh na n-arm sin ina shárú tromchúiseach forleathan ar an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear an Conradh Cianspáis.

14. Is cúis mhór imní don Chomhairle **an leathnú tapa doiléir atá á dhéanamh ag an tSín ar a harmlann núicléach,** rud atá ar neamhréir lena gealltanais dí-armála faoin gConradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach. Mar gheall ar an easpa trédhearcachta a bhaineann le dúnghaois, beartais agus armlann méadaitheach na tíre, tá amhras mór faoi inchreidteacht a beartais '**Gan Chéadúsáid**', agus cothaíonn sé mímhuinín. Molaimid don tSín, sealbhóir an tríú harmlann núicléach is mó ar domhan agus Stát a bhfuil airm núicléacha aige faoin gConradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach, dul i mbun laghdú riosca agus rialú arm, lena n-áirítear trí thrédhearcacht a fheabhsú, línte cumarsáide riachtanacha a bhunú chun míthuiscintí a chosc, agus a cuspóirí straitéiseacha a shoiléiriú.

15. Molann an Chomhairle go láidir do na Stáit a bhfuil airm núicléacha acu leanúint den phlé maidir le **cothú muiníne, trédhearcacht, laghdú riosca** agus **fíorú**, lena réitítear an bealach don chaibidlíocht maidir le comhaontuithe láidre rialaithe arm agus tuairisciú láidir amach anseo. Cé nach féidir é a chur in ionad na dí-armála núicléiche, rannchuidíonn laghdú riosca le cogadh núicléach a chosc, is féidir ról tábhachtach a bheith aige maidir le hiontaoibh, muinín agus intuarthacht a chruthú, agus comhlánaíonn sé iarrachtaí dí-armála agus rialaithe arm. Ba cheart, dá bhrí sin, bearta nithiúla laghdaithe riosca a shaothrú, lena n-áirítear bearta **chun an riosca coinbhleachta núicléiche a laghdú**.

16. Cuireann an Chomhairle in iúl a riachtanaí atá sé **go gcloífí go huilíoch leis an gConradh um Chosc Cuimsitheach ar Thrialacha Núicléacha (CTBT)** agus go dtiocfadh an Conradh sin i bhfeidhm, agus tathantaíonn sí ar na Stáit uile nach ndearna amhlaidh go fóill, go háirithe iad siúd in Iarscríbhinn 2, é a shíniú agus a dhaingniú gan réamhchoinníoll nó gan mhoill. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil sí tiomanta seasamh leis an norm i gcoinne na tástála núicléiche agus é a neartú. Iarrann sí ar na Stáit uile cloí leis **an moratóir** atá ann cheana **ar phléascanna trialacha arm núicléach** nó ar aon phléascadh núicléach eile, agus staonadh ó aon ghníomh a bheadh ag teacht salach ar aidhm agus ar chuspóir an Chonartha. Bheadh aon tástáil ar airm núicléacha phléascacha ag aon Stát díobhálach agus díchobhsaitheach d’iarrachtaí domhanda maidir le neamhleathadh agus don tsíocháin agus don tslándáil idirnáisiúnta. Iarrann sé ar **an Rúis an cinneadh a rinne sí, nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, maidir le cúlghairm a dhéanamh ar dhaingniú na tíre** ar CTBT agus, idir an dá linn, sprioc agus cuspóir CTBT a urramú.

17. Molann an Chomhairle imscaradh agus oibriú luath **an Chórais Faireacháin Idirnáisiúnta** (CFI) agus **an Lárionaid Idirnáisiúnta Sonraí** (LIS) atá i gcroílár chóras láidir fíorúcháin **Choimisiún Ullmhúcháin Eagraíocht an Chonartha um Chosc Cuimsitheach ar Thrialacha Núicléacha (CTBTO).** Leis an imscaradh sin, sula dtiocfaidh CTBT i bhfeidhm, cuireadh faisnéis eolaíoch agus theicniúil iontaofa agus neodrach ar fáil don phobal idirnáisiúnta maidir le pléascanna tástála núicléacha a rinneadh ó 1997 i leith agus ba bheart coisctheach láidir é i gcoinne na tástála. Bhí an tacaíocht airgeadais a chuir an tAontas ar fáil trí naoi gCinneadh as a chéile ón gComhairle ó 2006 i leith[3], chomh maith leis an tacaíocht airgeadais a chuir Ballstáit an Aontais ar fáil, ríthábhachtach ina leith sin.

18. Iarrann an Chomhairle an athuair go gcuirfí tús láithreach leis an gcaibidlíocht maidir le **conradh lena gcuirfear toirmeasc ar tháirgeadh ábhair inscoilte le haghaidh airm núicléacha nó feistí pléascacha núicléacha eile (FMCT) agus go dtabharfaí an chaibidlíocht sin chun críche go luath.** Go dtí go dtiocfaidh an FMCT sin i bhfeidhm, iarrann an Chomhairle ar an tSín, arb í an t-aon Stát amháin í a bhfuil airm núicléacha aici nach ndearna amhlaidh, agus ar aon Stáit eile lena mbaineann, **moratóir** láithreach, a dhearbhú agus a chaomhnú, ar tháirgeadh ábhair inscoilte le haghaidh airm núicléacha nó feistí pléascacha núicléacha eile.

---

[3] Faoi láthair, trí Chinneadh 2023/2064 (CBES) ón gComhairle an 25 Meán Fómhair 2023 maidir le tacaíocht ón Aontas do ghníomhaíochtaí Choimisiún Ullmhúcháin Eagraíocht an Chonartha um Chosc Cuimsitheach ar Thrialacha Núicléacha (CTBTO) chun a chumais faireacháin agus fíoraithe a neartú.

19. Maidir le **teicneolaíochtaí nua atá ag teacht chun cinn** a fhorbairt, agus go háirithe an **intleacht shaorga**, cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé smacht an duine a choinneáil ar chinntí airm núicléacha a úsáid. Is díol sásaimh di an dul chun cinn a rinneadh le déanaí i ndáil leis sin, lena n-áirítear an gealltanas a thug an Fhrainc, na Stáit Aontaithe agus an Ríocht Aontaithe rialú an duine agus rannpháirtíocht an duine a choinneáil ar bun maidir le gach gníomhaíocht atá ríthábhachtach maidir le heolas i leith cinntí ceannasacha a bhaineann le húsáid arm núicléach agus maidir leis na cinntí sin a fhorghníomhú, chomh maith le gealltanas déthaobhach i ndáil leis sin idir na Stáit Aontaithe agus an tSín. Iarrann an Chomhairle ar an Rúis agus ar Stáit eile a bhfuil airm núicléacha acu déanamh amhlaidh. D'fhéadfadh na teicneolaíochtaí sin deiseanna a chur ar fáil freisin maidir le hiarrachtaí rialaithe arm, mar shampla maidir le fíorú agus faireachán, deiseanna ba cheart a fhiosrú.

20. Cé nach críoch ann féin é an fíorú, dá ndéanfaí tuilleadh forbartha ar **chumais fíoraithe dí-armála núicléiche** (NDV), d'éascófaí dul chun cinn maidir le dí-armáil núicléach. Leagann an Chomhairle béim ar luach an chomhair iltaobhaigh maidir le NDV a chur chun cinn, agus athdhearbhaíonn sí go dtacaíonn sí leis an gComhpháirtíocht Idirnáisiúnta um Fhíorú Dí-armála Núicléiche agus le formáidí comhchosúla eile, agus molann sí go mbeadh rannpháirtíocht chuiditheach ann maidir le Grúpa Saineolaithe Eolaíocha agus Teicniúla na Náisiún Aontaithe maidir le NDV a bhunú.

21. Aithníonn an Chomhairle an leas dlisteanach atá ag Stáit nach bhfuil airm núicléacha acu **dearbhuithe slándála** aonchiallacha a fháil ó Stáit a bhfuil airm núicléacha acu i gcoinne úsáid arm núicléach nó i gcoinne na bagartha go n-úsáidfí airm núicléacha. Is codanna tábhachtacha de shocruithe slándála ceangailteacha comhaontaithe iad Dearbhaithe Slándála Diúltacha, lena neartaítear an córas maidir le neamhleathadh núicléach, lena rannchuidítear le cothú muiníne agus dí-armáil núicléach, agus lena bhfeabhsaítear an tslándáil réigiúnach agus dhomhanda. Iarrann an Chomhairle an athuair ar an Rúis gan a bheith ag sárú a gealltanas faoi **Mheabhrán Bhúdaipeist**.

**<u>COLÚN II – AN NEAMHLEATHADH</u>**

22. Cuireann an Chomhairle in iúl a phráinní atá sé **go dtabharfaí aghaidh ar bhealach cinntitheach ar an iomaí dúshlán atá ann faoi láthair** maidir le leathadh arm núicléach, chun dea-theist an Chonartha maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach a chaomhnú agus a neartú ina leith sin. Tugann an Chomhairle suntas do **chóras coimircí na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach (GIFA)** atá mar chuid bhunúsach den Chonradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach, agus freisin don mhórthábhacht a leagann sí ar shainordú GIFA agus ar a ról neamhchlaonta, neamhspleách agus oibiachtúil.

23. Meabhraítear don Chomhairle na himpleachtaí tromchúiseacha a bhaineann le mórchogadh foghach na Rúise, ar cogadh neamhdhleathach gan údar é, **ar choimircí san Úcráin**, go háirithe urghabháil agus míleatú neamhdhleathach Ghléasra Cumhachta Núicléiche Zaporizhzhia (ZNPP) sa tír sin. Iarrann sí ar an Rúis tarraingt siar láithreach agus gan choinníoll as ZNPP agus na rúin ábhartha uile ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe agus ó GIFA a chomhlíonadh. Leanfaidh an tAontas agus a Bhallstáit de bheith ag seasamh leis an dlí idirnáisiúnta agus d’urraim iomlán a thabhairt do cheannasacht, neamhspleáchas agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta. Tá dúshlán á thabhairt i gcónaí, ag na gníomhaíochtaí míleata, do chur chun feidhme choimircí GIFA faoi Chomhaontú na hÚcráine maidir le Coimirciú Cuimsitheach agus faoin bPrótacal Breise a ghabhann leis. Is díol sásaimh don Chomhairle gur lean GIFA de choimircí a chur chun feidhme agus de ghníomhaíochtaí fíorúcháin allamuigh a dhéanamh san Úcráin, agus leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh ar a cumas déanamh amhlaidh feasta, i gcomhréir le hAirteagal III den Chonradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach agus le Comhaontú na hÚcráine maidir le Coimirciú Cuimsitheach agus leis an bPrótacal Breise a ghabhann leis. Tá an Chomhairle buíoch de GIFA as an obair go léir a rinne sí an chontúirt atá ann don tsábháilteacht núicléach agus don tslándáil núicléach a mhaolú agus iarrann sí an athuair go dtabharfaí rochtain iomlán, thráthúil agus neamhshrianta dá saineolaithe ar gach láthair, ar gach faisnéis agus ar gach pearsanra ag ZNPP na hÚcráine, de réir mar a iarrtar.

24. Chuir an tAontas in iúl go soiléir i gcónaí nár cheart go mbeadh cead choíche ag **an Iaráin** arm núicléach a lorg, a fháil ná a fhorbairt. Leis na Rúin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a bunaíodh an athuair nuair a cuireadh an próiseas cúltaca chun críche, cruthaítear oibleagáidí do Bhallstáit uile na Náisiún Aontaithe agus cinntear leo go gcuirfidh an Iaráin gníomhaíochtaí éagsúla núicléacha atá leathadh-íogair ar fionraí. Is cúis mhór imní don Aontas an ciorrú tromchúiseach atá déanta ag an Iaráin ar a comhar le GIFA agus iarrann sé ar an Iaráin na hoibleagáidí atá uirthi, agus atá ceangailteach ó thaobh dlí de, maidir le coimircí núicléacha faoin gConradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach a chomhlíonadh ar bhonn práinne, agus an comhar iomlán le GIFA a chur ar bun arís eile lom láithreach. Tá an tAontas agus a Bhallstáit tiomanta i gcónaí don taidhleoireacht agus don chaibidlíocht, arb é an t-aon bhealach é le réiteach marthanach a fháil ar shaincheist chlár núicléach na hIaráine. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí leanúint de bheith ag tacú leis na hiarrachtaí polaitiúla agus taidhleoireachta teacht ar réiteach caibidlithe i gcomhréir le forálacha na rún ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus a cuireadh ar bun an athuair.

25. Iarrann an Chomhairle arís eile ar **Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré (DPDC)** droim láimhe a thabhairt, ar fad ar fad, lena cuid arm ollscriosta, lena cuid diúracán balaistíoch agus leis na cláir núicléacha atá aici, ar bhealach infhíoraithe dochúlaithe mar a éilítear i Rún 2397 (2017) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Éilíonn sí go gcomhlíonfadh DPDC go hiomlán an Conradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach i gcáil Stát nach bhfuil airm núicléacha aige agus go gcomhlíonfadh sí freisin an Comhaontú maidir le Coimirciú Cuimsitheach a ghabhann leis, go dtabharfadh sí an Prótacal Breise i bhfeidhm, go staonfadh sí ó airm núicléacha agus diúracáin bhalaistíocha a thástáil, go mbunódh sí an athuair na gealltanais a thug sí roimhe seo maidir le moratóir ar lainseálacha diúracán agus ar thástálacha núicléacha, agus go síneodh sí agus go ndaingneoidh sí an Conradh um Chosc Cuimsitheach ar Thrialacha Núicléacha (CTBT). Ní bheidh glacadh choíche le DPDC mar Stát a bhfuil airm núicléacha aige faoin gConradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach ná ní bheidh aon stádas speisialta eile aige ina leith sin. Tathantaíonn an Chomhairle ar DPDC plé fónta a dhéanamh leis na páirtithe ábhartha go léir chun bonn a leagan síos don tsíocháin agus don tslándáil inbhuanaithe agus chun céimeanna a thabhairt darb aidhm dí-armáil núicléach iomlán infhíoraithe dochúlaithe a shaothrú ar Leithinis na Cóiré.

26. Cuireann an Chomhairle in iúl gur cúis mhór imní di **an t-athrú a tháinig ar sheasamh na Rúise maidir le dí-armáil núicléach DPDC ó 2024 i leith**, rud a bhaineann an bonn den obair a rinne sí le blianta fada i dtaca leis an neamhleathadh, agus é sin mar chúiteamh ar thacaíocht a fháil dá cogadh foghach ar an Úcráin. Tá smachtbhannaí uile na Náisiún Aontaithe a bunaíodh de bhun na rún ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe i bhfeidhm go hiomlán i gcónaí. Is díol sásaimh don Chomhairle gur bunaíodh an Fhoireann Iltaobhach um Fhaireachán ar Smachtbhannaí, go dtí go bhféadfar Painéal Saineolaithe Choiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a chur ar bun arís, ar Painéal é a bunaíodh de bhun rún 1718 (2006) agus ar chros an Rúis go ndéanfaí a shainordú a athnuachan. Cáineann an Chomhairle amach is amach an comhar míleata neamhdhleathach atá idir an Rúis agus DPDC i gcónaí, go háirithe imscaradh trúpaí agus aistrithe arm chuig an Rúis ó DPDC, lena n-áirítear diúracáin bhalaistíocha, ar sárú follasach é ar rúin Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, agus iarrann sí ar an dá thír deireadh a chur leis na gníomhaíochtaí sin láithreach, agus iarrann sí freisin ar gach Stát na rúin ábhartha ó na Náisiúin Aontaithe a chur chun feidhme ina n-iomláine.

27. Tacaíonn an Chomhairle leis an caidreamh atá idir GIFA agus **an tSiria** agus leis an bpróiseas leanúnach chun saincheisteanna i dtaobh coimircí atá fós gan réiteach a shoiléiriú, is díol sásaimh di a bhfuil déanta go dtí seo agus iarrann sí ar údaráis idirthréimhseacha na Siria leanúint den rannpháirtíocht ar bhealach cuiditheach. Molann sí go láidir don tSiria Prótacal Breise a thabhairt chun críche agus a thabhairt i bhfeidhm le go mbeifear muiníneach arís gur dlúthchuid dá gníomhaíochtaí núicléacha í an tsíochάin.

28. Aithníonn an Chomhairle a thábhachtaí atá na **Limistéir** sin atá **Saor ó Airm Núicléacha** don tsíochάin agus don tslándáil idirnáisiúnta agus athdhearbhaíonn sí a thiomanta atá sí an Rún maidir leis an Meánoirthear a chur chun feidhme, ar rún é a d'eascair as Comhdháil Athbhreithnithe an Chonartha maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach 1995. Is díol sásaimh di na sé sheisiún de Chomhdháil na Náisiún Aontaithe maidir le **Limistéar a bhunú sa Mheánoirthear a bheidh Saor ó Airm Núicléacha agus ó Airm Eile Ollscriosta** agus is díol sásaimh di freisin an toradh a bhí orthu. Meabhraítear don Chomhairle nach féidir Limistéir atá Saor ó Airm Núicléacha a bhunú ach amháin ar bhonn socruithe a dtagann Stáit an réigiúin lena mbaineann orthu dá ndeoin féin. Tathantaíonn an tAontas go mór ar na páirtithe leasmhara uile dul i mbun comhairliúcháin fhóinteacha ar bhonn práinne chun próiseas cuimsitheach comhthoil-bhunaithe a fhorbairt d'fhonn Rún na bliana 1995 maidir leis an Meánoirthear a chur chun feidhme.

29. Is cuid bhunúsach den Chonradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach iad coimircí GIFA agus cuidíonn siad le dálaí a chruthú atá fabhrach do chomhar núicléach síochánta. Is iad **na Comhaontuithe maidir le Coimirciú Cuimsitheach**, le cois na b**Prótacal Breise** a ghabhann leo, an caighdeán fíorúcháin atá ag GIFA faoi láthair, faoi Airteagal III den Chonradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach. Iarrann an Chomhairle arís eile go ndéanfaí iad a uiliú lom láithreach. Iarrann sí, mar ábhar práinne, ar na Stáit lena mbaineann, go háirithe orthu siúd a chuireann an leagan bunaidh i bhfeidhm nó atá i mbun gléasraí cumhachta núicléiche nó imoibreoirí taighde a thógáil, a b**Prótacail Cainníochtaí Beaga** a leasú nó a chealú láithreach.

30. Tá **rialuithe** éifeachtacha onnmhairiúcháin ríthábhachtach má táthar chun na hoibleagáidí maidir le neamhleathadh faoi Airteagal III den Chonradh agus gach rún ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a chomhlíonadh. Iarrann an Chomhairle ar na Stáit uile cloí le treoirlínte na gcóras ábhartha iltaobhach i dtaobh rialaithe onnmhairí, lena n-áirítear **Coiste Zangger** agus **Grúpa na Soláthróirí Ábhar Núicléach**. Cuireann na córais sin treoirlínte neamhchlaonta ar fáil lena áirithiú go dtabharfar aghaidh ar ábhair imní maidir leis an leathadh. Cothaíonn siad muinín a chuidíonn le haistrithe dlisteanacha teicneolaíochta núicléiche agus eolais eolaíoch le haghaidh úsáidí síochánta a éascú, le creat intuartha, trédhearcach agus cothrom iomaíochta dea-shainithe a chothú don trádáil núicléach idirnáisiúnta, agus le feabhas a chur ar an trádáil agus ar an bhfás foriomlán, go háirithe i dtíortha atá i mbéal a bhforbartha.

31. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur cúis mhór imní di **leathadh na gcóras seachadta arm ollscriosta**, cuir i gcás **diúracáin bhalaistíocha** agus an teicneolaíocht ghaolmhar, meabhraítear di go dtacaíonn sí go mór leis an g**Córas Rialaithe um Theicneolaíocht Diúracán**, agus iarrann sí ar na Stáit uile nach ndearna amhlaidh go fóill glacadh le **Cód Iompair na Háige in aghaidh Leathadh Diúracán Balaistíoch**.

## COLÚN III – ÚSÁIDÍ SÍOCHÁNTA AN FHUINNIMH NÚICLÉACH

32. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go dtacaíonn sí leis an gceart doshannta atá ag **Stáit is Páirtithe sa Chonradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach taighde, táirgeadh agus úsáid fuinnimh núicléach agus teicneolaíochta núicléiche a fhorbairt chun críoch síochánta** gan idirdhealú agus i gcomhréir le hAirteagail I agus II den Chonradh, mar a léirítear in Airteagal IV de, lena n-áirítear faoi chuimsiú Chlár Comhair Theicniúil GIFA, i gcomhréir lena Reacht.

33. Aithníonn an Chomhairle **a mhéid a d'fhéadfadh an eolaíocht núicléach agus an teicneolaíocht núicléach cuidiú le réimsí ar nós sláinte an duine, an talmhaíocht, an tslándáil agus an tsábháilteacht bia, bainistiú uisce, an t-athrú aeráide, cosaint an chomhshaoil, nó caomhnú na hoidhreachta cultúrtha agus nádúrtha.** Tá na réimsí sin go léir nasctha go díreach le Clár Oibre 2030, clár a bhfuil ról nach beag ag GIFA ina leith. Is mór ag an gComhairle gníomhaíochtaí GIFA i ndáil leis sin, lena n-áirítear na tionscnaimh thábhachtacha a sheol Ard-Stiúrthóir na Gníomhaireachta, mar shampla *Rays of Hope*, ZODIAC, NuTeC Plastics agus Atoms4Food. Cuireann sí chun suntais freisin gur reáchtáladh *Comhdháil Aireachta GIFA maidir leis an Eolaíocht Núicléach, an Teicneolaíocht Núicléach agus Feidhmeanna Núicléacha agus an Clár um Chomhar Teicniúil* in 2024, comhdháil ar éirigh thar cionn léi, agus aithníonn sí go léirítear leis an Dearbhú Aireachta a glacadh ann, go bhfuil spéis níos mó á cur in úsáid na heolaíochta núicléiche agus na teicneolaíochta núicléiche chun críoch síochánta.

34. Cuireann an Chomhairle in iúl go leanann an tAontas agus a Bhallstáit de bheith ag tacú le ghníomhaíochtaí a éascaíonn an comhar maidir le húsáid shíochánta teicneolaíochtaí núicléacha agus lena gcuirtear saineolas teicniúil agus fios gnó ar fáil. Tá Ballstáit an Aontais i measc na ndeontóirí is mó a thacaíonn le Clár Comhair Theicniúil GIFA. Cuidíonn an Coimisiún Eorpach le GIFA freisin agus trí bhíthin tionscadal déthaobhach, lena n-áirítear tríd an tacaíocht chomhchineáil arna chur ar fáil ag an Airmheán Comhpháirteach Taighde.

35. Admhaíonn an Chomhairle gur gá slándáil fuinnimh a áirithiú agus urramaíonn sí an ceart atá ag na Stáit cinneadh a dhéanamh maidir lena meascán fuinnimh agus na teicneolaíochtaí is iomchuí a roghnú chun sprioc aeráide 2030 a bhaint amach le chéile agus chun iarmhairtí **an téimh dhomhanda** a mhaolú más féidir. Admhaíonn an Chomhairle luach uathúil na sonraí eolaíocha arna gcarnadh ag Rúnaíocht Theicniúil Shealadach CTBTO ó 1996 i leith agus arna gcur ar fáil le haghaidh staidéir agus críocha eolaíocha, sonraí a chuireann leis an tuiscint atá againn ar an athrú aeráide agus an bealach lena mhaolú. Cuireann an Chomhairle in iúl freisin a mhéid a chuidíonn stáisiúin ábhartha IMS leis an Lárionad Eolais Idirnáisiúnta um Shúnámaithe a bunaíodh faoi chuimsiú UNESCO.

36. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil sí tiomanta do **na caighdeáin is airde maidir le sábháilteacht núicléach, slándáil núicléach agus coimircí núicléacha,** ar caighdeáin iad atá bunriachtanach chun forbairt fhreagrach, shábháilte agus shlán a dhéanamh ar úsáidí síochánta an fhuinnimh núicléach. Tá rialuithe ar ábhair núicléacha san Eoraip á ráthú ag an gCoimisiún Eorpach le blianta fada trí bhíthin Euratom agus ghníomhaigh sé mar chomhpháirtí iontaofa le GIFA i réimse na gcoimircí núicléacha. Tá sé fós ina cholún tacaíochta bunriachtanach, rud a chuireann go mór lena bhfuil á dhéanamh mórthimpeall an domhain maidir leis an neamhleathadh. Leagann an Chomhairle béim ar an ról lárnach atá ag GIFA i ndáil leis an méid sin agus ar rannchuidiú suntasach an Aontais, lena n-áirítear tríd an Ionstraim Eorpach um Chomhar maidir le Sábháilteacht Núicléach agus trí *Chinneadh (CBES) 2024/656 ón gComhairle an 19 Feabhra 2024 maidir le tacaíocht an Aontais do ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach i réimse na slándála núicléiche*.

37. Molann an Chomhairle do na Stáit uile nach bhfuil sé déanta acu go fóill cloí leis na **coinbhinsiúin idirnáisiúnta maidir le sábháilteacht agus slándáil núicléach**, lena n-áirítear an Coinbhinsiún maidir le Cosaint Fhisiciúil Ábhair Núicléach agus an Leasú a ghabhann leis agus an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Gníomhartha Sceimhlitheoireachta Núicléiche a Dhíchur, agus ionstraimí eile ar nós Cód Iompair GIFA maidir le Sábháilteacht agus Slándáil Foinsí Radaighníomhacha. Cuireann an Chomhairle in iúl go láidir go gcaithfear feabhas a chur, ar bhonn leanúnach, ar an tsábháilteacht núicléach agus ar an tslándáil núicléach chun teicneolaíocht nua a fhorbairt agus chun leas a bhaint aisti i dtimthriall iomlán an bhreosla, lena n-áirítear teicneolaíocht a bhaineann le coincheapa na **n-imoibreoirí modúlacha beaga**. Ós rud é go roghnaíonn roinnt tíortha comhpháirtíochta fuinneamh núicléach, athdhearbhaíonn an Chomhairle gur gá leanúint de na caighdeáin is airde ó thaobh na sábháilteachta núicléiche, an chomhshaoil agus na trédhearcachta de a chur chun cinn ar bhonn réigiúnach, i ngarchomharsanacht theorainneacha an Aontais, agus ar fud an domhain agus tacú leis an méid sin.

38. Is cúis imní don Chomhairle na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil le h**ionsaithe armtha ar shaoráidí núicléacha** atá tiomanta do chuspóirí síochánta, meabhraítear di a thábhachtaí atá sé seasamh le seacht gcolún GIFA chun an tsábháilteacht núicléach agus an tslándáil núicléach a áirithiú i gcoinbhleachtaí armtha, agus iarrann sí ar na Stáit staonadh ó na gníomhaíochtaí sin, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta. Cuireann an Chomhairle chun suntais a dheacra atá sé coimircí núicléacha a chur chun feidhme agus atreorú ábhar núicléach a fhíorú i gcás coinbhleachtaí armtha agus an baol atá ann, dá bharr, go mbeadh airm núicléach á leathadh. Tugaimid dár n-aire na rúin ábhartha ó Chomhdháil Ghinearálta GIFA maidir le hionsaithe armtha i gcoinne saoráidí núicléacha atá tiomanta do chuspóirí síochánta, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear Cairt na Náisiún Aontaithe, Coinbhinsiúin na Ginéive agus na Prótacail Bhreise a ghabhann leo.

39. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur cúis mhór imní di **gur chuir mórchogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, ar cogadh neamhdhleathach gan údar é, an tsábháilteacht núicléach agus an tslándáil núicléach i mbaol**. Meabhraítear di a thábhachtaí atá sé go seasfaí le seacht gcolún GIFA chun an tsábháilteacht núicléach agus an tslándáil núicléach a áirithiú i gcoinbhleachtaí armtha agus leis na cúig phrionsabal chun an tsábháilteacht núicléach agus an tslándáil núicléach a áirithiú ag ZNPP na hÚcráine. Ní féidir smaoineamh fiú ar na himoibreoirí ag an ngléasra sin a chasadh ar siúl arís go dtí go gcomhlíonfar na coinníollacha sábháilteachta agus slándála agus go dtí go gcuirfear an tsaoráid ar ais faoi rialú agus faoi fhormhaoirseacht dhlisteanach údarás rialála inniúil na hÚcráine. Ní féidir glacadh le hiarracht ar bith an gléasra sin a nascadh le heangach fuinnimh na Rúise agus chuirfeadh a leithéid leis na rioscaí tromchúiseacha sábháilteachta núicléiche atá ann cheana féin. Dearbhaíonn an Chomhairle go dtacaíonn sí go láidir le misin GIFA ag saoráidí núicléacha uile na hÚcráine, chomh maith leis an bhfaireachán a dhéanann sí ag fo-stáisiúin leictreacha. Tathantaíonn an tAontas ar an Rúis staonadh ón mbonneagar sin a ionsaí, ar bagairt thromchúiseach é ar an tsábháilteacht núicléach agus ar an tslándáil núicléach.